Na Chéad 5

An Leabharlann Bheag

Leabharlann Bheag Na Chéad 5 ag do Leabharlann Áitiúil

Ríomhbhullaitín

Speisialta, Na Chéad 5 An Leabharlann Bheag

Na Chéad 5
An Leabharlann Bheag

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

Tacaíocht a thairiscint do gach Oideoir Luathbhlianta & Cleachtóir Cúraim Leanaí in Aois Scoile

Tá go leor le tairiscint ag leabharlanna d'oideoirí luathbhlianta i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige (FCLÓ) agus do chleachtóirí cúram leanaí in aois scoile (CLAS) chun tacú lena gcuid oibre, obair atá fíorthábhachtach. Tugann go leor oideoirí agus cleachtóirí cuairt ar an leabharlann leis na leanaí ar bhonn rialta agus déanann cuid acu teagmháil le leabharlannaithe chun leabhair agus scéalta faoi leith a aimsiú chun tacú le leanaí aonair.

Tá forbairt déanta ag Leabharlanna Éireann ar a thairiscint do sheirbhísí FCLÓ agus CLAS. Seo thíos na sonraí faoin méid a chuirfidh gach leabharlann áitiúil ar fáil anois do gach seirbhís FCLÓ agus CLAS agus do gach feighlí leanaí.

Cuireann Leabharlanna Áitiúla an méid seo a leanas ar fáil:

- Ballraíocht saor in aisce.
- Cárta ballraíochta tiomnaithe do gach oideoir, cleachtóir agus feighlí leanaí.
- Comhairle agus tacaíocht maidir le leabhair a roghnú d'aoisghrúpaí agus do chumais éagsúla. Comhairle maidir le spás leabharlainne a bhunú sna seirbhísí FCLÓ agus CLAS, lena n-áirítear feighlithe leanaí.
- Treoir maidir le measúnú a dhéanamh ar do bhailiúchán leabhar.
- Cuairteanna grúpa chuig do leabharlann áitiúil, trí shocrú a dhéanamh.
- Cuairteanna for-rochtana nó cur i láthair ar an leabharlann áitiúil ag do sheirbhís FCLÓ agus CLAS.
- Spásanna le haghaidh scéalta, léitheoireachta agus Gníomhaíochta céadfaí sa leabharlann.
- Réimse ábhar léitheoireachta agus tacaíochta curaclaim.
- Cláir leabharlainne agus imeachtaí do pháistí i rith na bliana.
- Acmhainní agus tacaíochtaí do thuismitheoirí.

Speisialta, Na Chéad 5 An Leabharlann Bheag

Na Chéad 5
An Leabharlann Bheag

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

Spreagann Leabharlanna Éireann gach seirbhís FCLÓ agus CLAS feighlithe leanaí leas a bhaint as a gcórais tacaíochta iontacha chun teacht ar scéalta agus leabhair ó do leabharlanna áitiúla.

Chun tuilleadh eolais a fháil, cliceáil le do thoil ar na naisc thíos chun rochtain a fháil ar bhileoga agus ar fhíseáin ina bhfuil tuilleadh eolais:

- Cad is féidir le do leabharlann a thairiscint d'oideoirí luathbhlianta agus do chleachtóirí cúraim leanaí in aois scoile: bit.ly/ELCannaSACanna
- Cad is féidir le do leabharlann áitiúil a thairiscint d'fheighlithe leanaí: bit.ly/FheighlitheLeanai
- Cad a thairgeann an leabharlann do leanaí (le roinnt le tuismitheoirí): bit.ly/LotsforChildrenattheLibrary

Speisialta, Na Chéad 5 An Leabharlann Bheag

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

Go raibh maith agat as Tacaíocht a thabhairt don Leabharlann Bheag

Is bealach nuálach é Tionscnamh na Leabharlainne Bige do pháistí chun rochtain a fháil ar shaol iontach na leabhar. Anuraidh, trí Mo Leabharlann Bheag, fuair beagnach 60,000 páiste idir 4-5 bliana d'aois cuireadh trína seirbhís FCLÓ a bheith ina mbaill dá leabharlann áitiúil agus mála leabhar a bhailiú i mBéarla nó i nGaeilge sular thosaigh siad ar scoil. Spreagann leabharlanna leanaí chun leabhar a phiocadh suas agus a n-intinn agus a samhlaíocht a oscailt agus domhan mór iontach atá lán de léitheoireacht agus d'fhoghlaim a aimsiú.

Ba dheis iontach í an leabharlann Bheag chun leanaí a nascadh lena leabharlann áitiúil agus chun rochtain a sholáthar ar leabhair a thacóidh le foghlaim leanaí sa ghnáthshaol agus leis na haistrithe a théann leanaí tríd amhail ag tosú ar scoil, teacht siblíní nua, a bheith ag roinnt, fionnachtain agus go leor eile. Anuraidh cuireadh triail chomh maith leis an tionscadal Leabhar Beag ag Am Codlata a thug cuireadh do gach leanbh faoi 4 bliana d'aois leabhar am codlata saor in aisce a bhailiú lena choinneáil óna leabharlann áitiúil. Chuir na tuismitheoirí fáilte mhór roimh an tionscadal seo.

Bhí sé mar aidhm ag Mo Leabharlann Bheag ní hamháin leanaí agus teaghlaigh a spreagadh chun grá don léitheoireacht a fhorbairt, ach iad a éascú don aistriú go naíonáin shóisearacha, agus iad a spreagadh le bheith ina mbaill dá leabharlann áitiúil, ionas gur féidir leo taitneamh a bhaint as rochtain ar leabhair ar feadh an tsaoil. Tá líon na bpáistí óga a bhaineann ballraíocht amach sa leabharlann níos airde ná riamh. Tá buíochas curtha in iúl ag Leabharlanna Éireann as an tacaíocht ó sheirbhísí FCLÓ leis an tionscnamh.

Speisialta, Na Chéad 5 An Leabharlann Bheag

Na Chéad 5
An Leabharlann Bheag

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

Mo Mheastóireacht ar an Leabharlann Bheag

Tá meastóireacht déanta ar an tionscnamh Mo Leabharlann Bheag. Fuair gach páiste 4 agus 5 bliana d'aois a thosaigh ar scoil i Meán Fómhair 2022 Mála Leabhair le leabhair scéalta agus acmhainní, a bhí mar aidhm aige a chinntiú go raibh leabhair scéalta sa bhaile acu agus go raibh siad ina mbaill den leabharlann áitiúil. Mar thoradh air seo piocadh suas 62,899 Málaí Leabhar as an 63,500 a soláthraíodh. Coinníonn leabharlanna aon mhálaí atá fágtha le húsáid sa todhchaí.

99% de Thuismitheoirí

Tacaíonn 99% de Thuismitheoirí le tionscnamh bliantúil a dhéanamh de.

99% de Thuismitheoirí

Aontaíonn 99% de Thuismitheoirí gur smaoineamh maith é an tionscnamh seo.

99% d'Eagraíochtaí

Tacaíonn 99% d'Eagraíochtaí le tionscnamh bliantúil a dhéanamh de.

95% d'Eagraíochtaí

Aontaíonn 95% d'Eagraíochtaí gur smaoineamh maith é an tionscnamh seo.

Míle buíochas lenár leabharlanna a chabhraigh leis an tionscnamh iontach seo a thacú agus cíocras eolais, lúcháir agus spleodar sa léitheoireacht a chur ar fáil do gach leanbh idir 4-5 bliana d'aois ar fud na tíre.